Iml.1 Uimh.1 CÁISC 1979

# GUTH 7 TUAIRIM

10p

## FÁILTE........................

CUIREANN MUID FÁILTE CHROÍÚIL ROMHAT. Tá tú ag léamh an chéad eagrán de pháipeár úr, agus tá súil againn go mbeidh tú ag léamh an pháipéir seo go mion minic san am atá le theacht.

Bhunaigh muid an páipear seo le guth a thabhairt duitse agus seans a thabhairt duit do chuid tuairimi a phlé. Thosaigh go leor páipéir nuachtáin sa taobh seo tíre aroimhe ach theip orthu uilig. Theip orthu mar go raibh siad bunaithe le praifid a dhéanamh, agus nach raibh ar a gcúl ach mionlach daoine nó mar nar chuir siad an cíneal Léitheoireachta ar fáil a bhí an pobal ag iarraidh. Ba mhaith linne an páipéar seo a chur ar bun mar sheirbhís don phobal - an pobal uilig, Gaeilgeoirí agus Béarlóirí, Éireannaigh agus Sasanaigh, daoine de gach cíneal creidimh agus dearcadh polaitíochta.

Ba mhaith linn fosta sult agus pléisiúr a thabhairt don phobal, agus léitheoireacht úsaideach a chuir ar fáil.

Ba mhaith linn do chuid tuairimí a chloinstin ar caidé a ba mhaith leat a fheiceál sa pháipéar. Ma ta suim agat in Astralaíocht, Aisteoireacht no aon rud eile, inis dúinn agus ní bheidh orainn ach lúchair aon ábhar a phlé. Ma tá rud ar bith ag déanamh buartha duit, cuir do pheann ar pháipear agus bhéarfaidh muidinne guth duit. Ba mhaith linn i gconai an fhirinne a thabhairt - fiú ma bhíonn sí searbh. Is minic a bhíonn tú ar mire faoi neithe áirithe, rudaí atá ag tarlú a fheiceann tú atá contrailte. Anois seo do sheans. Bain úsaid as agus beidh saol níos fearr ann dúinn uilig.

Deirtear go bhfuil achan nduine maith ag rud éigin. B'fhéidir go bhfuil tusa maith ag scríobh Dantaí, nó ag déanamh Cartúin, nó ag scríobh faoi Iascaireacht. Ba mhaith linn ach go háirithe litreacha a fháil faoi aon rud agus gach rud, agus bhéarfaidh muid £1 don litir is fearr a chuirfidh muid i gcló.

Muna bhfuil tú sásta le "Guth & Tuairim", abair sin agus beidh lúchair orainn éisteacht leat. Bhéarfaidh muid cluas d' achan nduine. Agus muna mian leat d'ainm a chur i gclo, inis sin dúinn agus coinneoidh muid siar é.

Ni shílim go bhfuil morán eile le rá againn san am i láthair ach go bhfuil súil againn go mbainfidh tú gach sult as an chéad eagrán de "GUTH & TUAIRIM" - do Pháipear-sa.

-----------

WE WELCOME YOU to the very first issue of "GUTH & TUAIRIM" which we hope to publish regularly and to feature local news and gossip and any other odds and ends that you the Public might be interested in. Your first reaction will probably be "Oh another new paper. It probably wont last long like the other ones". And we dont blame you for thinking like that because in the last few years a lot of attempts at establishing a Local paper have failed. But they have failed because they were solely concerned with making profit or because they were only produced by a minority.

Continued Page 2.

Continued from page 1.

We think this paper is going to be a success because we believe that you will back it, not alone by buying it but by taking an active part in the paper itself. There is a wealth of talent in this area, writers, poets, cartoonists, etc., and we hope they'll grab this opportunity to express themselves. Each and every one of us is good at something, maybe you are an authority on farming or maybe the E.M.S. or maybe you can write brilliant poetry. Now is your chance, so put pen to paper.

Maybe there is something happening locally that displeases you - why not voice your opinion on the matter. Write to us and get it off your chest. We hope to discuss any controversial matters that interest the public but we hope always to present the truth - even if the truth hurts.

We also hope to provide useful reading, entertainment and some useless reading.

Articles, etc., on any subject would be most welcome, especially letters and we'll give a £1 prize for the best letter printed every issue. (And if you don't want your name printed we will withold it by request.)

If you want to criticize "GUTH & TUAIRIM" then go right ahead, we don't mind at all.

We hope to provide a public service with this paper but it's success depends entirely on you. We hope you'll enjoy Issue One and that this is the start of a lasting relationship.

And remember " GUTH & TUAIRIM " is your paper.

# MOTORING

We can blame the Arabs, we can blame the Ayahtollah but no matter where we lay the blame we have to face the fact that petrol will never again be cheap, but will continue to rise in price so that we'll have to be more and more careful how we use it. With a little common sense we can all do our bit to achieve more M.P.G. and therefore make that £ Punt go further.

Below, I'll give you a few tips:-

1. Don't drive at high speeds. When you double your speed, your car has to overcome four times as much wind resistance. If possible always drive at a steady pace.
2. Accelerate moderately. Rapid acceleration can cause 6% extra consumption.
3. When you are waiting for someone - switch off the ignition.
4. Keep tyre pressures correct. If your tyres are underinflated you could use up to 6% more petrol.
5. Replace filters, points and plugs regularly as recommended by the manufacturer.

By "Whizz Kid!"

From page 5

CROSFHOCAL ...Answers/Freagraí

Across 1.Defoe 4.Iran 6.Andes 8.Earp 9.Al 10. Onion 12.Annie 13.Doom 14.Omo 15.Nun 17.Emu 18.Shelled.

Down 1.Diamonds 2.Fad 3.E.M.S. 4. Ireland 5. Napoleon 7. Enormous 12. Abode 16.Use 17. Et



# MUSIC



AFTER HOURS - AN BOTHY BAND

Tá fad cheirnín úr amuigh ag an Bothy Band, faoin teideal "AFTER HOURS" (Lun, 030). Rinneadh é a thaifeadadh beo ins an Palais Des Arts i bParis. Nuair a smaoiním fhéin ar thaifeadadh "beo" smaoiním ar dhroch fhuaim agus ceol amach as tiúin. Ní mar sin leis an cheirnín seo. Tá sé i bhfad níos fearr nach ceirnín studio ar bith, leis an Caighdeán is airde fuaim agus ceol nach bhfuil a leithidí le fáil ó ghrúpa ar bith éile faoi láthair.
Taobh amuigh de na hamhráin níl ábhar úr ar bith ar an cheirnín seo. Ach tá na foinn ón Cheolchoirm beo seo níos fearr nach mar a bhí siad ar na ceirníní a rinne an grúpa roimhe seo. S'iad na píosaí is fearr liom fhéin na The Butterfly, Slán le hÉirinn, The Kid on the Mountain, Green Groves, agus na Sleamhnáin Chiarraioch.
Ní féidir cuntas a thabhairt i bhfocla ar na hamhráin. Ceolann Mícheál Ó Dómhnaill beirt acu: Casadh an tSúgáin (an tamhrán is fearr ar an cheirnín) agus the Death of Queen Jane (sean amhrán ar scrìobh Daithi Sproule an ceol do). Tá cóiriu deas simplí, blasta déanta orthú le giotár, fidil agus clarinet. Ceolann Tríona dhá amhrán: The Heathery Hills of Yarrow agus ceann galánta gan tionlacán, How can I live at the Top of a Mountain. Ní gá a rá caidé mar a cheolann Tríona iad seo. Tá na focla istigh sa chludach.
Ma ta locht ar bith le fáil ar an cheirnín seo, níl ann ach ceann beag amháin. Níl nótaí ar bith isteach leis faoi bhunus an Cheoil agus na namhráin.

N.B. Tá an tiomra ann gurbh é seo an ceirnín deireannach ón Bothy Band, mar go bhfuil siad ag briseadh suas. Níl seo fíor. Briseann siad suas i mí Mhárta achan bhliain ach tig siad le chéile arís i mí Deireadh Fómhair.

ELITE DISCO 45


MUSIC FOR ALL OCCASIONS

Contact: J. McElhinney,
Falcarragh
Co Donegal

## Cuáirt Ciaróige

Bhi mé oiche mo shuí i m'aonaor,
Cois tine ag caint liom fhéin.
Bhi an fhearthainn ag titim amuigh go trom,
Bhi an ghaoth ag seideadh go tréan.
Leis sin, chonaic mé ciaróg
Faoin doras isteach ag teacht;
Choimhéad mé é, ag úth'airt
Chun na h-uaireanta fada a chuir thart.
Ag gáire, arsa mise leis an gciaróg;
"Tar aníos chun na tine is déan do ghorradh",
Ach níor labhair 's níor bhog mo chara,
Dar liom, "tá sé bodhar agus balbh".
Chuaigh sé siar faoin tábla
Agus thart ar gach cathaoir sa teach,
Ach d'fhág sé slán ag am luí
Agus chuaigh faoin doras amach.

ANON.








**TORY ISLAND Isolated**—This picture just received from Donegal shows Mr. Cormac Breslin, T.D., reading a famine S O S from Tory to Bunbeg villagers, who include relatives of Tory Islanders.

Fuairtheas an pictiúr sin thuas ins an "Attic", áit a raibh sé ina luí le.....40 bliain. An aithníonn tú na fir agus na gasúiri?.

Ma tá sean phictúiri suimiúla ar bith sa bhaile agatsa ba mhaith linn iad a chuir i gcló.


Ma aithníonn tú iad seo ba mhaith linn cluinstin uait.

the Co-op BUILDERS PROVIDERS Dept.




ADJACENT TO TOWN CAR PARK

# crosfhocal.



Across
1. Author of "Robinson Crusoe".
4. Turbulent Middle East country.
6. South American mountain range.
8. Wyatt ---- Wild West Marshall.
9. -- Jolsen performed in first 'talking' movie.
10. Vegetable.
12. John Denver's wife.
13. Reckless person's fate.
14. Washing powder.
15. Member of Religious Order.
17. Australian Ostrich-like bird.
18. The Germans continously ------- our lines.

Down
1. -------- are forever.
2. Fashion.
3. Seperates Punt from Pound.
4. Hibernia.
5. French General.
7. Vast.
12. Home.
16. Exploit.
17. French for "and".

(Answers on page 2)

A business without a sign, is a sign of no business.

+++++

An honest Politician is one, when he is bought, will stay bought.
Simon Cameron.

+++++

An t-é nach bhfuil mór ní foláir dó bheith glic.

+++++

Gossip is like fire - it spreads quickly and does a lot of damage.

+++++

When the going gets tough, the tough get going. John Treacy.

+++++

A journalist once asked Pope John XXlll how many people worked in the Vatican. "About half of them", he shot back.

+++++

Pessimism is looking both ways before crossing a one way street.


+++++

CORMAC Ó BREISLEÁIN ⁊ A MHAC
BUNBEAG

Bróga Éadach Troscán Péint
Paipéar balla Vinyl
Waterford Glass
Belleek Ware
CORMACK BRESLIN & SON
. Phone Bunbeg 37.



kenny dalglish



RTSPORTSPORTSPORTSPORTSPORTSPORTSPORT

# SOCCER

## celtic march on

GWEEDORE CELTIC qualified for the the Ulster Cup when they defeated the Inishowen League champions Q.P.S. 2 - 1 at Magheragallon last Sunday. The crossfield wind spoiled this game as a footballing contest where players from both teams had difficulty in controlling the ball.

Gweedore took the lead after 14 minutes when Charlie Doherty carried the ball forward and placed it neatly in the net from 10 yards. Q.P.S. hit back a couple of minutes later and equalised when Michael O Kane headed in across from the right.

Gweedore were awarded a penalty seven minutes into the second half for hand-ball and Penalty expert Donnchadh Mc Nelis made no mistake to give his side a hard earned Victory.

Manager, Colm Mc Bride commented "although we didn't play as well as we would like to, however at the end of the day we won the match and that is what we planned to do. Q.P.S. are the Inishowen League winners for the last three seasons and of course a victory over such opposition is satisfying at any time".

--------

## keadue level again

| | |
|---|---|
| KEADUE ROVERS | 3 |
| LETTERKENNY | 1 |

Keadue Rovers defeated old rivals Letterkenny in a game played in very windy conditions at Central Park Keadue on Sunday. L.Kenny playing with the strong wind in the first half were quick on to the attack, forceing the Keadue keeper to make two good saves in the first five minutes.
L.Kenny mounted attack after attack on the Keadue goal but found the Keadue defence in good form, in particular keeper P. Boyle and sweeper D. Bonner. Despite all this preasure L.Kenny had to wait untill the 35th minute before scoreing, the goal comming from their best player Davie Cowan. The Keadue defenders must take some blame for this goal backing off and allowing Cowan to score from inside the area. They almost got No. two a few minutes later but keeper Boyle made a magnificent save pushing a fierce drive from C. Collins over the bar. Keadue cleared the resultant corner and from a good move down the right involving Forker, Gallagher, and G Ward, who sent over a low cross which was first timed to the net by Charlie Ward, Leaving the half time score one each. After the interval Keadue substituted G Ward bringing on P Gallagher. Keadue with the wind at their backs were quick on the attack forceing five corners in the first ten minutes. At this period the L.Kenny goal was under constant preasure but thanks to some good defensive work and wild erratic shooting by the Keadue forwards they managed to hold out until the 70th minute when Keadue took the lead, this goal coming from a corner taken by Eddie Mc Gonagle and headed to the net by the Keadue skipper Hugh Moy. Keadue scored their third goal five minutes later by Liam O Donnell.. This goal came after a good run by P Gallagher who gave O Donnell a great pass. O Donnell's first effort was brilliantly saved by the L.Kenny keeper Smith, but he could not hold the ball and O Donnell was in like a flash to send the rebound to the net. L.Kenny attacks were few in the second half their best effort coming towards the end when Gerry Meehan had a good shot punched away by P Boyle. This defeat puts an end to L.Kenny's title hopes for this year. This victory keeps Keadue very much involved in the league Championship race indeed had they displayed the same determination the same spirit and skill that they displayed in this match all season, the league flag would have its resting place for another year in the Rosses. Keadue must win their two remaining games and hope that the other championship contenders will drop points in their remaining games.



LIAM BRADY

# SPORT

## C.L.C.G I MACHAIRE GATHLAN.

Bhí gaoth fhuar a chonalfádh tú ag séideadh i dtreo na farraige Dé Domhnaigh i Machaire Gathlán nuair a himríodh an triú babhta cluichí i Sraith an Chontae. Chinntigh seo nach mbeadh caighdeán iontach imeartha ar bith sa chéad chluiche inár imir foireann na gCealla Beaga Gaoth Dobhair sa tSraith idirmheánach, ach d'éirigh níos fearr le sinsir Ruagairí na Rosann agus Ghaoth Dobhair máistreacht a fháil ar an aimsir.

GAOTH DOBHAIR 0.3 V NA CEALLA BEAGA 1.3

Rinne na Cealla Beaga, a bhí ar bharr na Sraithe roimh an chluiche, obair chruaidh an cluiche seo a bhaint inéadan foireann Ghaoth Dobhair, a bhí gan ceathrar da bhfoireann. Fuair na Cealla Beaga an cúl tábhachtach go luath sa chluiche nuair a d'éirigh le duine de na tosaithe cíc - amach ghoirid de chuid Ghaoth Dobhair a fhail agus an Liathroid a chur ar chúl na beangach. Fuair an dá fhoireann dhá scór sa chéad leath agus bhí an imirt cothrom go leor.

LEATH AMA:- GAOTH DOBHAIR 0.2 NA CEALLA BEAGA 1.1

Bhí an chuid is mo den imirt ag na Cealla Beaga sa dara leath ach chosain tacaithe Ghaoth Dobhair go tréan agus chuir tosaithe na gCealla Beaga seansanna amú. Fuair na Cealla Beaga dha chúilin eile agus Gaoth Dobhair ceann amháin. D'imir Eoghan O Currain, Pól Ó Cnaimhsí agus Tadhg Ó Duibhir go maith do Ghaoth Dobhair. Bheadh an foireann seo níos sásta i Sraith na Sóisear, mar go bhfuil siad ag imirt in éadan foirne nach bhfuil i Sraith na Sinsear agus a bhfuil na himreoirí is fearr ata acú ag imirt doibh. Ach, tá siad ag foghlaim agus bí cinnte go bpiocfaidh siad suas poinntí sna seachtainí atá romhainn.

GAOTH DOBHAIR 0.9 V RUAGAIRI NA ROSANN 1.4

Bhí foireann Ghaoth Dobhair i bhfad ró-mhaith ag Ruagairí na Rosann ach, mar sin féin, ní thabharfadh an scór an tuairim sin duit. D'imir Gaoth Dobhair peil dheas anois is arís. Bhain siad úsaid mhaith as an ghaoth; choinnigh siad an liathróid íseal; d'úsaid siad an pas láimhe go héifeachtach: bhí siad ag tabhairt tacaíocht mhaith da chéile. Ach, chuir siad barraíocht seansanna amú agus rinne siad iarracht cúl a fháil go minic nuair a ba cheart dóibh bheith sásta le cúilín, go háirithe nuair a bhí sé chomh deacair sin scóranna a fháil.

Leath Ama:-
GAOTH DOBHAIR 0.3 V RUAGAIRI NA ROSANN 0.1

Bhí Gaoth Dobhair ag baint le ceithre poinnte agus gan ach cupla bomaite le dhul, nuair a fuair na Ruagairi Cúl. Fuair Proinsias Ó Cearúill an liathroid ar line dhaichéad agus a cúig Ghaoth Dobhair on Chic-amach. D'iompar sé an liathróid suas na páirce agus fuair cúilín gleoite. Shéid an réiteoir an fhídeog.

Thuill siad a mbua ach chuir siad barraíoch seansanna amú. Bhí cluiche maith ag Séamus Mac Gairbheith, Seán Ó Maolagáin, Seán Ó Duibhir agus Niall Ó Gallchóir. Tá lorg bhainistíocht Uí Mhaolagáin le feiceáil ar an fhoireann cheana féin - úsáid éifeachtach ar an phas - láimhe, imreoirí ag tabhairt tacaíochta agus ag rith dá gcomh imreoirí agus slacht agus spiorad san imirt. BA CHEART A BHEITH DÓCHASACH.

## soccer quiz

1. Which teams are known as:-
   (a) The Pensioners.
   (b) The Baggies.
   (c) The Owls.
2. From which team did Liverpool sign Ray Clemence?
3. For how many days was Jock Stein manager of Leeds United?
4. Did Alex Stepney ever play for England.
5. Which team did John Bond manage before Norwich - Bury, Huddersfield or Bournemouth?

Answers on a postcard to "GUTH TUAIRIM". First correct entry receives £2.


**SEAVIEW HOTEL**

EASTER DANCING
Sat 14th Sun 15th Mon 16th

***** MUSIC BY **********

**CIRCLE**

# GUTH NA BPÁISTÍ




Q. What goes oom oom?
A. A cow walking backwards.

Q. When are eyes not eyes?
A. When the wind makes them water.
Q. Why did they bury Washington on a hill?
A. Because he died.

<u>MRS KELLY</u>

Mrs Kelly lives in the red-bricked house
next door,
To me she's just a gossip and a bore.
She's always leaning on the garden rails,
And telling my mother some very boring tales.

Her auburn hair is curled, untidy and rough,
Her masculine voice is very strong and gruff.
She's big and plump and slow in her walk,
And all she ever does is talk.

She talks of every local scandal,
Of quarrels and children hard to handle.
I often see her talking to Mrs Magee
Let's hope to goodness she never mentions me.

OCt 77




<u>CUMANN SACAIR</u>
<u>CHAILINÍ TELECTRON</u>

Damhsa i n-Ostán
Mhic Pháidín,
Gort-a-Choirce.

20ú. Aibreán '79.

10 - 2

Why not advertise your business in GUTH 7 TUAIRIM. Cuireann muid fáilte roimh litreacha, fógrai & rl.

---------

Until the postal dispute ends we have a GUTH 7 TUAIRIM mailbox at

The Errigal Foodstore, Falcarragh,
The Cope, Dungloe and
Molloy's Supermarket, Derrybeg.